Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2023
(OR. en)

11506/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0259(NLE)**

**POLCOM 152
SERVICES 30
FDI 18
COLAC 84**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 435 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 435 final.

Faoi iamh: COM(2023) 435 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.7.2023
COM(2023) 435 final

2023/0259 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile**

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is éard atá sa togra atá i gceangal leis seo an ionstraim dlí lena n-údaraítear tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (dá ngairtear 'CET' anseo feasta).

I gcomhréir le Cinneadh Uimh. [XX][1] ón gComhairle, síníodh CET an [XX XXX 2023], faoi réir a thabhairt i gcrích.

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach ('an tAontas') agus Poblacht na Sile ('an tSile') bunaithe faoi láthair ar an gComhaontú Comhlachais idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSile, den pháirt eile, a síníodh an 18 Samhain 2002 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2005 (arna chur i bhfeidhm go sealadach ón 1 Feabhra 2003)[2].

Tharla a lán athruithe ó tháinig an Comhaontú Comhlachais i bhfeidhm. In 2006, ghlac an Coimisiún Eorpach straitéis dar teideal 'an Eoraip Dhomhanda', lena ndearnadh nuachóiriú ar a chlár oibre le haghaidh bheartas trádála an Aontais agus lenar lorgaíodh comhaontuithe trádála níos doimhne. Tá comhaontuithe tugtha i gcrích ag an Aontas le tíortha eile sa réigiún (An Comhaontú Trádála leis an gColóim, leis an Eacuadór agus leis an bPeiriú, Comhaontú Comhlachais le Meiriceá Láir) agus le tíortha eile nach iad, mar atá, *inter alia*, le Ceanada, leis an tSeapáin, leis an Nua- Shéalainn, le Singeapór agus le Vítneam.

Tá 26 Chomhaontú Saorthrádála sínithe ag an tSile le 64 thír, lena n-áirítear leis na Stáit Aontaithe (2004), leis an tSín (2006) agus leis an tSeapáin (2007). Chuaigh an tSile isteach freisin i gComhghuaillíocht an Aigéin Chiúin agus i gComhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise ('an Comhaontú Cuimsitheach agus Forásach do Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise' a thugtar air anois).

Téann na comhaontuithe agus an chaibidlíocht sin i bhfad thar uaillmhian agus raon feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais atá ann faoi láthair idir an tAontas agus an tSile i bhformhór na réimsí. Mar thoradh air sin, chuir an dá Pháirtí in iúl gur spéis leo an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú chun a naisc trádála a fheabhsú a thuilleadh agus chun rannchuidiú leis an gcaidreamh polaitiúil agus eacnamaíoch a dhoimhniú.

Le linn cruinniú ar imeall an Chruinnithe Mullaigh AE-CELAC a tionóladh in Santiago an 26 agus an 27 Eanáir 2013, d'aontaigh ceannairí ón Aontas agus ón tSile féachaint ar roghanna chun an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú, 10 mbliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. I mí Aibreáin 2015, d'fhormhuinigh an 6ú Comhairle Chomhlachais idir an tAontas agus an tSile bunú na meithle comhpháirtí ('an Grúpa') maidir le nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais. Ba é ab aidhm don Ghrúpa réamhstaidéar a dhéanamh trí leibhéal uaillmhéine na caibidlíochta ionchasaí a mheas chun an Comhaontú Comhlachais a nuachóiriú i ngach réimse. Chuir an Grúpa dhá fhoghrúpa ar bun, ceann amháin a bhí freagrach as saincheisteanna polaitiúla agus comhair agus an ceann eile as an trádáil. Thug an dá fhoghrúpa a gcuid oibre i gcrích le linn an 14ú cruinniú de chuid an Choiste Comhlachais idir an tAontas agus an tSile a tionóladh an 31 Eanáir 2017.

---

1 […]
2 *IO L 26, 31.1.2003.*

An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nuachóirithe leis an tSile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais.

Cuireadh tús foirmiúil leis an gcaibidlíocht an 16 Samhain 2017. Rinneadh an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na codanna den Chomhaontú a bhaineann le trádáil.

Thug an tAontas agus an tSile conclúid pholaitiúil na caibidlíochta i gcrích an 9 Nollaig 2022 sa Bhruiséil.

Tá nuachóiriú an Chomhaontaithe Comhlachais bunaithe ar dhá ionstraim dlí:

1. an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil atá i gceangal leis an togra seo, a chuimseoidh a) an colún Polaitiúil agus Comhair agus b) an colún Trádála agus Infheistíochta (forálacha cosanta infheistíochta san áireamh); agus
2. Comhaontú Eatramhach ar Thrádáil (CET) lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta. Rachaidh CET in éag nuair a thiocfaidh an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil i bhfeidhm.

Moladh CET a shíniú agus a thabhairt i gcrích an tráth céanna leis an gCreat-Chomhaontú Ardleibhéil. Beidh ar an dá thaobh CET a dhaingniú chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Ar thaobh an Aontais, beidh gá le toiliú ó Pharlaimint na hEorpa, agus ina dhiaidh sin, le glacadh an chinnidh ón gComhairle maidir lena thabhairt i gcrích. A luaithe a dhaingneofar CET agus a thiocfaidh sé i bhfeidhm, beidh sé fós i bhfeidhm go dtí go ndaingneofar an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil go hiomlán agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuireann CET creat dlíthiúil cuimsitheach nuachóirithe ar fáil le haghaidh an chaidrimh trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus an tSile. Ar theacht i bhfeidhm CET, scoirfidh Cuid IV den Chomhaontú Comhlachais, lena n-áirítear aon chinneadh a dhéanfaidh a chomhlachtaí institiúideacha ina dhiaidh sin, d'éifeachtaí a bheith aici agus cuirfear CET ina hionad.

Tá an Comhaontú maidir le Trádáil i bhFíonta agus an Comhaontú maidir le Trádáil Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe (dá ngairtear 'na Comhaontuithe um Fhíonta agus Biotáillí' anseo feasta), a bhí i gceangal roimhe seo leis an gComhaontú Comhlachais[3], le hionchorprú in CET.

Tá CET go hiomlán i gcomhréir leis an straitéis 'Trádáil do Chách' ó mhí Dheireadh Fómhair 2015 ós rud é go ndéanann sí an beartas trádála agus infheistíochta a fhréamhú i gcaighdeáin agus luachanna uilíocha Eorpacha le hais croíleasanna eacnamaíocha, rud a leagann béim níos mó ar an bhforbairt inbhuanaithe, ar chearta an duine, ar chosaint tomhaltóirí, agus ar thrádáil atá freagrach agus cóir.

[3] Leasaíodh na Comhaontuithe in 2005, 2006, 2009 agus go deireanach in 2022 (IO C287/19 an 28 Iúil 2022).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá CET go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh agus ní chuirfidh sé d'fhiacha ar an Aontas Eorpach leasú a dhéanamh ar a rialacha, ar a rialacháin ná ar a chaighdeáin in aon earnáil rialáilte, e.g. rialacha teicniúla agus caighdeáin táirgí, rialacha sláintíochta agus fíteasláintíochta, rialacháin maidir le bia agus sábháilteacht, caighdeáin slándála agus sábháilteachta, rialacha maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, cosaint an chomhshaoil nó cosaint tomhaltóirí.

Tá caibidil in CET freisin maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe, lena nasctar an Comhaontú le cuspóirí foriomlána an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe agus cuspóirí sonracha i réimsí an tsaothair, an chomhshaoil agus an athraithe aeráide. Cuideoidh sé sin leis an Aontas a spriocanna maidir leis an gComhaontú Glas a bhaint amach, ar spriocanna iad a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach atá ionchuimsitheach araon, agus lena n-áirítear rannchuidiú le cur i bhfeidhm na straitéise Global Gateway ar bhonn céimneach. Thairis sin, Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Sile i dtaca leis na Forálacha maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe atá sa Chomhaontú Eatramhach ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Ráiteas Comhpháirteach'), tá sé i gceangal leis an gComhaontú. Déantar foráil sa Ráiteas Comhpháirteach go dtionscnóidh na Páirtithe, ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú Eatramhach ar Thrádáil, próiseas athbhreithniúcháin foirmiúil ar a ghnéithe a bhaineann le trádáil agus leis an bhforbairt inbhuanaithe chun ionchorprú forálacha breise a bhreithniú, de réir mar is iomchuí, ar forálacha iad a d'fhéadfadh ceachtar Páirtí a mheas a bheith ábhartha an tráth sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs a gcuid forbairtí beartais intíre féin agus i gcomhthéacs an chleachtais is déanaí atá acu ó thaobh conarthaí idirnáisiúnta de. D'fhéadfadh baint a bheith ag na forálacha breise sin, go háirithe, le tuilleadh feabhais a chur ar shásra forfheidhmiúcháin na caibidle maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe, lena n-áirítear an fhéidearthacht céim chomhlíontachta a chur i bhfeidhm, agus frithbhearta leordhóthanacha mar rogha dheiridh. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe seo, féachfaidh na Páirtithe freisin ar an bhféidearthacht Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chuimsiú mar ghné bhunriachtanach de na Comhaontuithe.

Thairis sin, tugann CET cosaint do sheirbhísí poiblí go hiomlán agus áirithíonn sé go gcaomhnaítear go hiomlán leis an gComhaontú ceart na rialtas rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, agus gur bunphrionsabal forluiteach de sin é an ceart sin.

Tá an comhar maidir le Taighde agus le Nuálaíocht i gcomhréir leis an gComhaontú le haghaidh comhar eolaíochta agus teicneolaíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht na Sile, a síníodh i Meán Fómhair 2002 agus a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2007.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

I gcomhréir leis na Conarthaí agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe Tuairim 2/15 uaithi maidir leis an gcomhaontú saorthrádála idir an tAontas agus Singeapór an 16 Bealtaine 2017, bheadh na réimsí uile a chumhdaítear leis an gcomhaontú saorthrádála faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais agus, go háirithe, faoi raon feidhme Airteagal 91, Airteagal 100(2) agus Airteagal 207 CFAE.

Dá bharr sin, tabharfaidh an tAontas CET i gcrích de bhun cinneadh ón gComhairle atá bunaithe ar Airteagal 218(6) CFAE, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

CET mar a chuirtear i láthair na Comhairle é, ní chumhdaítear leis aon ábhar nach bhfuil faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is iomchuí an modh iad na comhaontuithe trádála chun rochtain ar an margadh agus réimsí gaolmhara an chaidrimh eacnamaíoch chuimsithigh le tríú tír lasmuigh den Aontas a rialú. Níl aon mhodh eile ann chun gealltanais den sórt sin agus iarrachtaí léirscaoilte den sórt sin a dhéanamh ceangailteach ó thaobh an dlí.

Leis an tionscnamh seo, saothraítear go díreach cuspóirí an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus rannchuidítear leis an tosaíocht pholaitiúil 'an tAontas Eorpach a bheith ina ghníomhaí domhanda níos láidre'. Is i gcomhréir le treoshuíomhanna Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh atá sé dul i gcaidreamh le Tíortha eile agus a chomhpháirtíochtaí seachtracha a athchóiriú ar bhealach freagrach, ionas go mbainfear amach tosaíochtaí seachtracha an Aontais. Rannchuidíonn sé le cuspóirí trádála agus forbartha an Aontais.

Rinneadh caibidlíocht maidir le CET leis an tSile i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta arna leagan amach ag an gComhairle. Ní théann toradh na caibidlíochta thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí beartais a leagtar amach sna treoracha caibidlíochta a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa togra seo a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex-post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Choimisiúnaigh an Coimisiún 'Meastóireacht ar Thionchar Eacnamaíoch Cholún Trádála an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas agus an tSile' agus tugadh chun críche é i mí an Mhárta 2012. Choimisiúnaigh an Coimisiún 'Staidéar *ex-ante* maidir le Nuachóiriú Féideartha ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an tSile' lenar breathnaíodh ar roghanna le haghaidh nuachóiriú agus tugadh chun críche é i mí Feabhra 2017.

Léirigh na measúnuithe sin, cé go raibh cumhdach an cholúin trádála atá ann faoi láthair cuimsitheach an tráth sin, go raibh deis ann na rialacha a fheabhsú a thuilleadh agus rochtain bhreise ar an margadh a bhaint amach. Ba é a chonclúid freisin gur ghá an Comhaontú Comhlachais a thabhairt cothrom le dáta de réir na forbartha atá tagtha ar chomhthéacs na trádála domhanda.

Thairis sin, choimisiúnaigh an Coimisiún 'Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta mar Thaca leis an gCaibidlíocht le haghaidh Nuachóiriú na Coda Trádála den Chomhaontú Comhlachais leis an tSile' agus tugadh chun críche é i mí na Bealtaine 2019.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne na conraitheoirí le haghaidh na staidéar seachtrach a rinneadh roinnt gníomhaíochta comhairliúcháin agus fíor-rochtana, lena n-áirítear: suíomhanna gréasáin tiomnaithe le haghaidh doiciméid agus gníomhaíochtaí a bhain leis na staidéir; suirbhéanna ar líne ar pháirtithe leasmhara; agus agallaimh aonair.

I gcomhthéacs an Mheasúnaithe Tionchair, chuaigh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála i gcomhairle le páirtithe leasmhara maidir leis an nuachóiriú, lena n-áirítear gnólachtaí, páirtithe leasmhara ón tsochaí shibhialta, ceardchumainn mar aon le comhlachais trádála, comhlachais tráchtála agus páirtithe leasanna príobháideacha eile. Bhí gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí oscailte ar líne i gceist leis na comhairliúcháin sin le páirtithe leasmhara.

A bhuí leis na staidéir sheachtracha sin agus na comhairliúcháin a reáchtáladh i gcomhthéacs a n-ullmhúcháin, fuair an Coimisiún ionchur a bhí an-luachmhar le haghaidh chaibidlíocht CET.

Le linn na caibidlíochta, eagraíodh cruinnithe freisin chun eolas a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le stádas na caibidlíochta agus chun tuairimí a mhalartú maidir leis an nuachóiriú.

Rinneadh caibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le gnéithe polaitiúla agus comhair an Chomhaontaithe seo, agus i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir le gnéithe trádála an Chomhaontaithe seo, atá ag feidhmiú i gcáil an choiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE. Cuireadh Parlaimint na hEorpa agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar an eolas go tráthrialta freisin tríd an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (INTA), go háirithe a Ghrúpa Faireacháin maidir leis an tSile, agus tríd an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha. I dtaca leis na dtéacsanna a tháinig as an gcaibidlíocht de réir a chéile, scaipeadh iad ar an dá institiúid le linn an phróisis.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an conraitheoir seachtrach 'Itaqa SARL' an *'Meastóireacht ex-post ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas agus an tSile'*.

Is é an conraitheoir seachtrach 'Ecorys-Cás' a rinne an *'Staidéar ex ante maidir le Nuachóiriú Féideartha ar an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an tSile'*.

Rinne an conraitheoir seachtrach 'BKP Development Research & Consulting' an '*Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta (COSN) chun tacú leis an gcaibidlíocht chun colún trádála an Chomhaontaithe Comhlachais leis an tSile a nuachóiriú*'.[4]

- **Measúnú tionchair**

Thacaigh Measúnú Tionchair a foilsíodh i mí na Bealtaine 2017[5] leis an togra agus tugadh tuairim dhearfach faoi (SWD/2017/0173 final).

Thángthas ar an gconclúid sa Mheasúnú Tionchair go mbeadh tairbhí dearfacha ag baint le caibidlíocht chuimsitheach le haghaidh an Aontais agus na Sile araon. I measc na dtairbhí sin

4 https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/sustainability-impact-assessments_en#chile

5 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52017SC0173

bhí méaduithe ar OTI, ar leas sóisialta agus ar onnmhairí, ar fhostaíocht, ar phá (d'fhostaithe ar bheagán oiliúna agus d'fhostaithe atá níos oilte araon), ar an iomaíochas, chomh maith le staid fheabhsaithe don Aontas agus don tSile araon i ndáil le hiomaitheoirí domhanda eile. Dá gcuirfí forálacha maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe san áireamh, bheadh tionchar dearfach aige sin ar chearta an duine a chur chun cinn agus a urramú chomh maith le croíchaighdeáin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) a chur chun feidhme ar bhonn éifeachtach.

Thairis sin, leis an Measúnú Tionchair Inbhuanaitheachta (COSN) a rinneadh le linn na caibidlíochta, soláthraítear measúnú cuimsitheach ar na tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ag léirscaoileadh trádála méadaithe faoi CET san Aontas agus sa tSile. Déantar anailís in COSN freisin ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an nuachóiriú ar Chearta an Duine agus ar na hearnálacha monaraíochta, talmhaíochta agus seirbhísí.

Tháinig an tAontas agus an tSile ar chomhaontú uaillmhianach i gcomhréir leis na comhaontuithe trádála is déanaí amhail CETA, leis an tSeapáin agus leis an Nua-Shéalainn. Leis an gComhaontú, cuirfear deiseanna nua ar fáil don trádáil agus don infheistíocht sna margaí araon agus tacófar le poist san Aontas.

Déanfaidh CET, *inter alia*, an chuid is mó de na dleachtanna custaim a bhaint, rochtain ar chonarthaí poiblí a leathnú, margadh na seirbhísí a oscailt, dálaí intuartha a chur ar fáil d'infheisteoirí agus cuidiú le cosc a chur ar chóipeáil neamhdhleathach nuálaíochtaí agus táirgí traidisiúnta an Aontais. Tá na ráthaíochtaí uile in CET freisin lena háirithiú nach rachaidh na tairbhí eacnamaíocha chun dochair do chearta bunúsacha, do chaighdeáin shóisialta, do cheart rialála rialtas, do chosaint an chomhshaoil ná do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl CET faoi réir nósanna imeachta REFIT. Mar sin féin, tá creat ann le haghaidh nósanna imeachta simplithe trádála agus infheistíochta, laghdú ar chostais onnmhairiúcháin agus infheistíochta agus, dá bhrí sin, méadóidh sé deiseanna trádála agus infheistíochta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. I measc na dtairbhí ionchasacha tá trédhearcacht mhéadaithe, rialacha teicniúla nach bhfuil an oiread ualaigh ag baint leo, ceanglais chomhlíontachta, nósanna imeachta custaim agus rialacha tionscnaimh, cosaint fheabhsaithe do chearta maoine intleachtúla agus do thásca geografacha, rochtain níos fearr ar nósanna imeachta tairisceana soláthair, chomh maith le caibidil speisialta chun a chur ar chumas do FBManna an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an gComhaontú.

- **Cearta bunúsacha**

Ní dhéanann an togra aon difear do chosaint chearta bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar diúltach teoranta ag CET ar bhuiséad an Aontais trí dhleachtanna custaim a dhíothú mar gheall ar léirscaoileadh taraifí. Tá coinne le tionchair dhearfacha indíreacha i dtéarmaí méaduithe ar acmhainní atá nasctha le cáin bhreisluacha agus le hollioncam náisiúnta.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuimsíonn CET forálacha institiúideacha lena leagtar síos struchtúr comhlachta cur chun feidhme chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme, ar oibriú agus ar tionchar CET.

Bunaítear le forálacha institiúideacha CET feidhmeanna agus cúraimí sonracha na Comhairle Trádála agus an Choiste Trádála a dhéanfaidh faireachán leanúnach ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm CET.

Cuideoidh an Coiste Trádála leis an gComhairle Trádála maidir le comhlíonadh a feidhme agus déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhfochoistí uile agus ar obair na gcomhlachtaí eile uile a bunaíodh faoi CET. Ar an gCoiste Trádála tá ionadaithe ón Aontas agus ón tSile atá freagrach as cúrsaí a bhaineann le trádáil agus a thiocfaidh le chéile gach bliain nó ar iarratas ó cheachtar den dá thaobh.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leathnaíonn CET raon feidhme an chreata dhéthaobhaigh trádála atá ann faoi láthair agus déantar é a oiriúnú do na dúshláin nua pholaitiúla agus eacnamaíocha ar fud an domhain, do chúrsaí nua trádála faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas agus an tSile, agus do leibhéal uaillmhéine na gcomhaontuithe trádála agus na caibidlíochta a thug an tAontas agus an tSile i gcrích le déanaí.

Cruthaíonn CET creat le haghaidh chaidreamh an Aontais leis an tSile, creat atá comhleanúnach, cuimsitheach, cothrom le dáta agus atá ceangailteach ó thaobh an dlí de. Cothóidh sé trádáil agus infheistíocht trí rannchuidiú le leathnú agus le héagsúlú an chaidrimh eacnamaíoch agus trádála.

Cuimsíonn CET freisin sásra um chomhairliúchán leis an tsochaí shibhialta a leathnaítear chun an Comhaontú iomlán a chumhdach ionas go mbeidh an tsochaí shibhialta ar an dá thaobh in ann éisteacht a fháil maidir le forálacha uile an Chomhaontaithe.

I gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos sna treoracha caibidlíochta, bainfear amach an méid seo a leanas le CET:

<u>Rochtain níos fearr ar an margadh d'onnmhairí talmhaíochta agus iascaigh agus rialacha feabhsaithe</u>

Faoin gComhaontú Comhlachais atá ann faoi láthair, rinneadh léirscaoileadh ar na hearraí tionsclaíocha uile agus ar chuid mhór de na táirgí talmhaíochta agus iascaigh cheana féin. Leis an nuachóiriú, tá léirscaoileadh iomlán ann le haghaidh níos mó ná 99 % de na línte taraife go léir, mar thoradh ar an gcaibidil maidir le Trádáil in Earraí.

An tráth céanna, cuirtear na híogaireachtaí a bhaineann le talmhaíocht san Aontas go hiomlán san áireamh le CET. Ní dhéanfaidh an tAontas a mhargaí a léirscaoileadh go hiomlán i gcás táirgí an-íogair, amhail circeoil, mairteoil, muiceoil agus ola olóige. I gcás na dtáirgí sin a allmhairítear ón tSile, ní bheidh ach rochtain theoranta rialaithe acu ar mhargadh an Aontais

trí tharaif-chuótaí atá calabraithe go cúramach chun ábhair imní fheirmeoirí na hEorpa agus roghanna tomhaltóirí a chur san áireamh.

Thairis sin, tá rialacha breise agus rialacha níos fairsinge sa téacs maidir le Trádáil in Earraí, rud a éascóidh trádáil idir an tAontas agus an tSile. Áirítear leis sin forálacha maidir le táillí agus foirmiúlachtaí, ceadúnú allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin, dleachtanna onnmhairiúcháin a thoirmeasc, agus ceangal taraifí nach bhforáiltear maidir le díothú iomlán dleachtanna ina leith (neamhghníomhaíocht). Tá forálacha 'na glúine nua' ann freisin maidir le hiomaíocht onnmhairiúcháin, athmhonarú, earraí a chuirtear isteach tar éis a ndeisithe agus forálacha maidir le cead isteach sealadach earraí a éascú.

Rialacha Tionscnaimh simplithe

Rinneadh athbhreithniú ar na Rialacha Tionscnaimh agus, i gcásanna áirithe, rinneadh iad a shimpliú lena chur san áireamh go raibh gá ag an tionscal le príomhtháirgí tionsclaíocha amhail gluaisteáin nó cógaisíocht i measc nithe eile.

Nósanna imeachta teorann nuachóirithe agus simplithe

Tá Caibidil uaillmhianach in CET maidir le hÉascú Custaim agus Trádála bunaithe ar fhorálacha Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála, agus tá sí níos uaillmhianaí fós i réimsí áirithe. Geallann an tAontas agus an tSile nósanna imeachta simplithe, nua-aimseartha agus, i gcás inar féidir, nósanna imeachta uathoibrithe a chur i bhfeidhm chun earraí a scaoileadh ar bhealach éifeachtúil tapa trí cheanglais chuíchóirithe maidir le sonraí agus doiciméadacht, trí phróiseáil réamhtheachta ar dhoiciméadacht agus ar fhaisnéis chustaim, mar aon le bainistiú riosca éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach.

Trádáil chóir agus dálaí gnó a áirithiú

Chun bheith in ann déileáil go héifeachtúil agus go héifeachtach le cleachtais éagóracha trádála, comhaontaíodh rialacha feabhsaithe maidir le leigheasanna trádála. Ina theannta sin, tá forálacha in CET maidir le tionscail intíre a chosaint i gcás ina bhfuil méadú ar allmhairí táirge a eascraíonn as an gComhaontú ina chúis le mórdhíobháil don tionscal sin, nó go bhfuil baol ann go mbeadh sin ina chúis le mórdhíobháil don tionscal. Tá caibidil maidir le fóirdheontais in CET freisin, rud a chabhródh le cothrom na Féinne a bhaint amach idir cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí na Sile trí thrédhearcacht mhéadaithe maidir le fóirdheontais d'earraí agus do sheirbhísí araon, trí chomhairliúcháin i gcás ina bhfuil an baol ann go mbeadh tionchar diúltach ag fóirdheontais ar thrádáil, agus trí rialacha maidir leis na fóirdheontais is díobhálaí (cabhair a athstruchtúrú gan plean athstruchtúraithe agus ráthaíochtaí neamhtheoranta).

Áirithíonn CET freisin go n-urramaíonn cuideachtaí bunphrionsabail na hiomaíochta: gan ceannasacht a mhí-úsáid, gan aon chomhaontú a dhéanamh idir fiontair a chuireann srian ar an iomaíocht, agus grinnscrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí iomaíocha cumaisc. An tráth céanna, áiritheoidh CET cothrom iomaíochta idir fiontair phoiblí agus fiontair phríobháideacha ar an margadh. Ní mór do chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit, d'fhiontair a ndeonaítear cearta nó pribhléidí speisialta dóibh agus do mhonaplachtaí ainmnithe gníomhú ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus de réir cúinsí tráchtála nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach agus á ndíol ar an margadh acu.

Inbhuanaitheacht a áirithiú

Tá caibidil iomlán uaillmhianach maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe in CET, chun comhtháthú na forbartha inbhuanaithe i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe a fheabhsú trí ghealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí, is sin gealltanais maidir le

cosaint an chomhshaoil, leis an athrú aeráide agus le cearta saothair, forálacha maidir le comhar agus idirphlé, lena n-áirítear leis an tsochaí shibhialta, chomh maith le nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

Thairis sin, is é CET an chéad chomhaontú trádála a thug an tAontas i gcrích ina bhfuil Caibidil thiomnaithe maidir le Trádáil agus Comhionannas Inscne. Sa Chaibidil seo ionchorpraítear an fáis eacnamaíoch atá cuimsitheach ar bhonn comhionannas inscne agus an ghné sin a chur chun cinn. Sa Chaibidil seo, athdhearbhaíonn an tAontas agus an tSile go bhfuil siad tiomanta a n-oibleagáidí a chur chun feidhme go héifeachtach faoin gCoinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus faoi chomhaontuithe iltaobhacha eile lena dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne nó ar chearta na mban. I gclásal neamh-chúlchéimnithe, geallann an tAontas agus an tSile nach lagóidh siad ná nach laghdóidh siad na leibhéil chosanta a dheonaítear faoina ndlíthe féin arb é is aidhm dóibh comhionannas inscne nó comhdheiseanna a áirithiú do mhná agus d'fhir, ná gan na dlíthe sin a tharscaoileadh ná maolú orthu ar bhealach eile, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

Ar deireadh, tá Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Sile i dtaca leis na Forálacha maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe i gceangal le CET, inar chuir an tAontas agus an tSile in iúl go bhfuil sé ar intinn acu athbhreithniú a thionscnamh ar an gcaibidil maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe ar theacht i bhfeidhm do CET, chun breithniú a dhéanamh ar fhorálacha breise a ionchorprú, de réir mar is iomchuí, a d'fhéadfadh ceachtar den dá Pháirtí a mheas a bheith ábhartha an tráth sin. San athbhreithniú sin, beidh an tAontas á threorú ag an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal '*The power of trade partnerships: together for green and just economic growth*' (COM(2022) 409 final) [Cumhacht na gcomhpháirtíochtaí trádála: le chéile ar mhaithe le fás eacnamaíoch atá glas agus cóir], go háirithe maidir leis an sásra forfheidhmiúcháin a fheabhsú a thuilleadh. Gan dochar do thoradh an athbhreithnithe seo, féachfaidh an tAontas agus an tSile freisin ar an bhféidearthacht Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chuimsiú mar ghné bhunriachtanach de na Comhaontuithe.

Díriú ar riachtanais gnólachtaí beaga

Le CET éilítear ar an Aontas agus ar an tSile suíomh gréasáin a chur ar bun d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) ionas go mbeidh sé níos éasca do FBManna rochtain a fháil ar fhaisnéis agus, dá bhrí sin, tairbhiú d'fhorálacha uile an Chomhaontaithe. Oibreoidh pointí teagmhála san Aontas agus sa tSile le chéile chun riachtanais shonracha FBManna a chur san áireamh agus chun bealaí a shainaithint inar féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna nua i ngach margadh.

Deiseanna do sholáthróirí seirbhísí agus rialacha maidir le trádáil dhigiteach

Tá disciplíní cuimsitheacha in CET lena gcumhdaítear rochtain ar an margadh do sheirbhísí agus infheistíocht i ngach earnáil den gheilleagar, agus rialacha sonracha lena gcumhdaítear an trádáil dhigiteach. Is é is aidhm dó cothrom iomaíochta a bhunú, go háirithe do sholáthróirí seirbhísí an Aontais a bhfuil baint acu le hearnálacha amhail teileachumarsáid agus seirbhísí airgeadais, agus i réimsí amhail seirbhísí seachadta agus seirbhísí muirí. Cuireann CET creat ar fáil freisin do na Páirtithe chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a chéile i ngairmeacha rialáilte amhail ailtirí, cuntasóirí, dlíodóirí agus innealtóirí. Sa trádáil dhigiteach, bunaítear leis an gcomhaontú rialacha cothrománacha, lena n-áirítear le haghaidh réimsí amhail trádáil ar líne in earraí nó i seirbhísí, agus réimsí atá fíor-riachtanach le haghaidh dea-fheidhmiú na trádála ar líne.

An infheistíocht a spreagadh

Tá forálacha in CET lena léirscaoiltear an infheistíocht agus an cur chuige céanna á leanúint agus a bhí ag na comhaontuithe trádála is uaillmhianaí de chuid an Aontais a tugadh i gcrích go dtí seo. Go háirithe, beidh feidhm chomhionann ag na rialacha substainteacha uile faoin gCaibidil seo maidir leis na hearnálacha seirbhísí agus neamhsheirbhísí araon. Go háirithe, beidh infheisteoirí agus a gcuid infheistíochtaí in ann tairbhiú den ghealltanas go gcaithfear le hinfheisteoirí intíre agus le hinfheisteoirí tríú tír ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, agus tairbhiú de na rialacha uaillmhianacha maidir le bacainní neamh-idirdhealaitheacha ar rochtain ar an margadh, i bhfoirm srianta cainníochtúla neamh-idirdhealaitheacha amhail monaplachtaí agus cearta eisiacha, cuótaí agus tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha.

Beidh toirmeasc ar cheanglais feidhmíochta, amhail ceanglais maidir le leibhéal áirithe ábhair áitiúil a bhaint amach nó le teicneolaíocht a aistriú, mar choinníoll a ghabhann le bunú nó oibriú aon fhiontair, agus aird chuí á tabhairt ar íogaireachtaí na bPáirtithe, rud a chuirfidh feabhas ar na rialacha atá ann cheana faoi chomhaontú TRIMS EDT.

Déanann gné shonrach amháin den Chaibidil Infheistíochta a caibidlíodh leis an tSile foráil maidir le cóir náisiúnta a thabhairt d'fhiontair atá bunaithe go háitiúil i ndáil le hearraí agus seirbhísí a cheannach trí sholáthar poiblí, gealltanas a bhíonn le fáil de ghnáth sa Chaibidil maidir le Soláthar Poiblí i gcomhaontuithe eile de chuid an Aontais.

Tá gealltanais léirscaoilte na bPáirtithe faoi réir eisiaimh atá sainithe go cúng (amhail i gcás na hearnála closamhairc) agus forchoimeádais shonracha lena gcuirtear teorainn le leibhéal oscailteachta na bPáirtithe féin, nó lena sainítear an tsaoirse beartais atá ag teastáil amach anseo le haghaidh earnálacha a mheastar a bheith an-íogair. Déantar na forchoimeádais a sceidealú trí chur chuige 'liosta hibrideach', i.e. 'liosta dearfach' le haghaidh oibleagáidí maidir le rochtain ar an margadh (bunaithe ar liosta earnálacha sonracha a ndéantar gealltanas ina leith), agus 'liosta diúltach' (na hearnálacha uile a ndéantar gealltanas ina leith cé is moite d'fhorchoimeádais shonracha le haghaidh earnálacha áirithe) do gach oibleagáid shubstainteach eile. Léiríonn gealltanais shonracha na bPáirtithe ardleibhéal léirscaoilte, gealltanais a chomhfhreagraíonn dá gcomhaontuithe is uaillmhianaí a tugadh i gcrích go dtí seo, lena n-áirítear gealltanais chuimsitheacha maidir le rochtain ar an margadh d'earnálacha neamhsheirbhíse).

Rochtain ar thairiscintí poiblí na Sile

Cuireann CET níos mó deiseanna ar fáil do thairgeoirí rochtain a fháil ar chonarthaí soláthair phoiblí. D'oscail an tSile a tairiscintí rialtais amach níos mó do chuideachtaí an Aontais ná mar a d'oscail sí le haon cheann eile dá comhpháirtithe trádála. Beidh cuideachtaí an Aontais in ann tairiscint a dhéanamh chun earraí agus seirbhísí a sholáthar, ní hamháin ar an leibhéal lárnach ach ar an leibhéal fo-lárnach freisin. Gabhann an tAontas agus an tSile orthu féin freisin a nósanna imeachta soláthair phoiblí a chur faoi réir tacar rialacha nua-aimseartha, lena gcuirtear ardchaighdeáin um thrédhearcacht, um neamh-idirdhealú agus um an gcóir chomhionann i bhfeidhm.

Cosaint níos fearr a shocrú don nuálaíocht agus do shaothair chruthaitheacha

Bunaítear cothrom iomaíochta le CET trína áirithiú go leanfaidh an tSile agus an tAontas cur chuige coiteann maidir le cearta maoine intleachtúla (CMInna) a fhorfheidhmiú agus go ngníomhóidh an dá thaobh chun góchumadh agus píoráideacht agus cleachtais neamhiomaíocha a chomhrac. Áirithítear leis ardleibhéal cosanta do CMInna agus a bhforfheidhmiú. Tá cosaint chómhalartach ann freisin do liosta roghnaithe de Thásca Geografacha an Aontais agus na Sile. I gcás an Aontais, cosnófar 216 Thásc Gheografacha de chuid an Aontais. Tá sé sin sa bhreis ar na Comhaontuithe atá ann cheana maidir le fíonta

agus biotáillí, lena gcosnaítear 1745 Thásc Gheografacha le haghaidh fíonta agus 257 dTásc Gheografacha le haghaidh biotáillí agus 5 Thásc Gheografacha le haghaidh fíonta cumhraithe ón Aontas Eorpach sa tSile. Tugadh liostaí na dTásc Geografach sin cothrom le dáta freisin i bpróiseas comhthreomhar.

Trádáil shábháilte inbhuanaithe i dtáirgí agraibhia a áirithiú

Tá caibidil in CET maidir le hábhair Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SPS) ina ndéantar foráil maidir le roinnt bearta éascaithe trádála sonracha. Ba cheart go gcumasódh sé sin trádáil atá níos tapúla ach atá fós sábháilte. Coinníonn an tAontas agus an tSile a gcearta chun an leibhéal cosanta a mheasann siad a bheith iomchuí a shuí.

Thairis sin, áirítear in CET caibidil maidir leis an gCóras Bia Inbhuanaithe ina ndéantar foráil maidir le comhar i dtaca le gnéithe sonracha de chórais bhia inbhuanaithe, amhail inbhuanaitheacht an tslabhra bia, caillteanas agus cur amú bia a laghdú, an comhrac i gcoinne na calaoise bia feadh an bhiashlabhra, leas ainmhithe, an comhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, agus úsáid agus riosca na leasachán agus na lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, ar rioscaí do-ghlactha iad don tsláinte nó don chomhshaol mar a léirítear sna measúnuithe ábhartha. I measc na ngníomhaíochtaí comhair chun an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac, chomhaontaigh an tAontas agus an tSile deireadh a chur de réir a chéile le húsáid antaibheathach mar spreagthóirí fáis.

A áirithiú go bhfuil rialacháin theicniúla, caighdeáin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta neamh-idirdhealaitheach agus nach gcruthaíonn siad bacainní nach bhfuil gá leo ar thrádáil

Chun cóineasú rialála idir an tSile agus an tAontas Eorpach a mhéadú bunaithe ar chaighdeánú idirnáisiúnta, tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le liosta iata d'eagraíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú agus d'athdhearbhaigh siad a dtiomantas a rialacháin theicniúla agus a nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha arna bhforbairt ag na heagraíochtaí sin. Leagann CET béim ar a thábhachtaí atá measúnuithe tionchair, agus rialacháin theicniúla agus measúnuithe comhréireachta á n-ullmhú. Cuireann sé cur chuige rioscabhunaithe chun cinn maidir le measúnú comhréireachta, lena n-áirítear dearbhú comhréireachta soláthróra a bhreithniú, agus creidiúnú a úsáid chun comhlachtaí measúnaithe comhréireachta a cháiliú, lena n-áirítear sásraí an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (ILAC) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (IAF). Sa bhreis ar na forálacha ginearálta maidir le comhar rialála a chuirfidh ar chumas don tSile agus don Aontas comhoibriú ar shaincheisteanna rialála leasa choitinn amach anseo, bunaítear comhar sonrach le CET freisin maidir le faireachas margaidh agus sábháilteacht táirgí, lena bhforáiltear maidir le malartú faisnéise i dtaca le táirgí neamhchomhlíontacha nó contúirteacha ar a margaí féin. Tháinig na Páirtithe ar chomhaontú freisin faoi iarscríbhinn maidir le mótarfheithiclí, rud a éascóidh ceadú mótarfheithiclí nua agus glacadh le deimhnithe cineálcheadaithe.

Trédhearcacht agus Dea-Chleachtais Rialála

Áirítear le CET Caibidil Trédhearcachta ina bhfuil forálacha uaillmhianacha maidir le bearta a bhaineann le cúrsaí trádála a fhoilsiú, a riar, a athbhreithniú agus a achomharc, ar bearta iad a bhfuil feidhm ghinearálta leo agus Caibidil lena mbunaítear tacar Dea-Chleachtas Rialála a úsáidfidh an tAontas agus an tSile agus rialacháin á bhforbairt.

Nósanna Imeachta Nua-Aimseartha maidir le Réiteach Díospóidí

Áirítear in CET forálacha maidir le Réiteach Díospóidí idir Stáit lena mbunaítear nósanna imeachta éifeachtacha trédhearcacha nua-aimseartha atá bunaithe ar phróis chuí chun aon díospóid idir an tSile agus an tAontas a chosc agus a réiteach.

Struchtúr Institiúideach

Ar deireadh, is éard atá i struchtúr institiúideach CET Comhairle Trádála, Coiste Trádála agus roinnt Fochoistí. Déanann an Chomhairle Trádála maoirseacht ar chomhlíonadh chuspóirí CET agus déanann sí maoirseacht ar a chur chun feidhme. Agus a cuid dualgas á gcomhlíonadh aici, tugann an Coiste Trádála cúnamh di agus tá an Coiste freagrach as CET a chur chun feidhme go ginearálta, lena n-áirítear sainiú agus maoirseacht an idirphlé earnálacha. Féadfaidh an Chomhairle Trádála agus an Coiste Trádála Fochoistí breise agus comhlachtaí eile a bhunú chun cabhrú leo a bhfeidhmeanna a fheidhmiú agus chun aghaidh a thabhairt ar thascanna sonracha nó ar ábhair shonracha.

Déanfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chur chun cinn i gcur chun feidhme CET, go háirithe trí idirghníomhaíocht le Fóram na Sochaí Sibhialta dá dtagraítear in Airteagail 33.7, agus lena nGrúpa Comhairleach Baile féin, dá dtagraítear in Airteagal 33.6.

2023/0259 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le pointe (a)(v) d'Airteagal 218(6) agus d'Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[6],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú nuachóirithe leis an tSile chun teacht in ionad an Chomhaontaithe Comhlachais.

(2) An 9 Nollaig 2022, tugadh i gcrích an chaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus an tSile.

(3) Sa nuachóiriú ar an gComhaontú Comhlachais atá ann idir an tAontas agus an tSile déantar foráil maidir le dhá ionstraim dhlíthiúla chomhthreomhara:

- an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, lena n-áirítear a) an colún Polaitiúil agus Comhair agus b) an colún Trádála agus Infheistíochta (forálacha maidir le cosaint infheistíochta san áireamh);
- agus an Comhaontú Eatramhach ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú'), lena gcumhdaítear léirscaoileadh trádála agus infheistíochta, a scoirfidh d'éifeacht a bheith aige agus a gcuirfear an Creat-Chomhaontú Ardleibhéil ina ionad ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú sin.

(4) Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Sile i dtaca leis na Forálacha maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe atá sa Chomhaontú Eatramhach ar Thrádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Ráiteas Comhpháirteach'), tá sé i gceangal leis an gComhaontú.

(5) I gcomhréir le Cinneadh Uimh. [XX][7] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú an [XX XXX 2023], faoi réir a thabhairt i gcrích ina dhiaidh sin. D'fhormhuinigh an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile an Ráiteas Comhpháirteach freisin an lá céanna.

---

6 IO C , , lch. .
7 [Tagairt le cur isteach]

(6) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iomchuí údarú a thabhairt don Choimisiún le formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar an seasamh atá le glacadh maidir le modhnuithe áirithe ar an gComhaontú atá le glacadh trí nós imeachta simplithe de bhun Airteagal 21.20 agus Airteagal 33.11(6) den Chomhaontú, agus ag comhlacht arna chur ar bun leis an gComhaontú de bhun Airteagal 25.34 agus fhomhír (a) (x) d'Airteagal 33.1(6) den Chomhaontú.

(7) Ba cheart an Comhaontú agus an Ráiteas Comhpháirteach atá i gceangal leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(8) Ní thugtar leis an gComhaontú, i gcomhréir lena Airteagal 33.14, laistigh den Aontas, cearta do dhaoine ná ní fhorchuirtear oibleagáidí ar dhaoine, seachas na cearta sin agus na hoibleagáidí sin arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo déantar an Comhaontú agus an Ráiteas Comhpháirteach a fhormheas thar ceann an Aontais. Tá téacsanna an Chomhaontaithe agus an Ráitis Chomhpháirtithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 21.20 den Chomhaontú, modhnuithe nó ceartúcháin a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn 21-A a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Chun críocha Airteagal 25.34 agus fhomhír (a)(x) d'Airteagal 33.1(6) den Chomhaontú, leasuithe ar Iarscríbhinn 25-C a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 4*

Chun críocha Airteagal 33.11(6) den Chomhaontú, leasuithe ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil i bhFíonta in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais arna shíniú ag an gComhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile, an 18 Samhain 2002 ('an Comhaontú Comhlachais'), arna n-ionchorprú sa Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

Chun críocha Airteagal 33.11(6) den Chomhaontú, leasuithe ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, arna n-ionchorprú sa Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún iad a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 5*

Leis seo údaraítear don Choimisiún an duine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais, chun an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 33.10 den Chomhaontú a thabhairt, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha[8].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

8 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.